

DEILÍN AN BHACAIGH

(Ag Peadar Ó Domhnaill, An Cheathramha Ruadh)

Bhí bean ann uair agus bhí sí chomh saidhbhir leis an lá fada ach má bhí féin ní raibh cabhair ná déirce le fágáil ag bacach ná ag bochtán uaithe. Bhí sí dubh-ghortach. Bhí a dreatháir ina shagart agus bhí fhios aige go mbíodh na boicht ag iarraidh uirthé go minic greim nó deoch in ainm Dé is Mhuire, ach nach mbeadh blas le fágáil aca uaithe.

Ghléas an sagart é féin lá le droch-éadaigh bacaigh agus dubhairt sé má b'fhéidir a croidhe a bhogadh chor ar bith go ndéanfadh sé féin a bhogadh. Nuair a tháinig sé taobh amuich den dorus chonnaic sé go raibh bean eile istigh ina cuideachta.

Mar seo do labhair sé:

"Go mbeannuighe Dia is Muire is Pádraic, Micheál Ardaingeal, Eoin Baiste, Féidhlim Bacach, Colmcille, an dá aspal déag agus Dia Mór na Glóire dhuit, a bhean uasal, mhúinte mhallthraillach agus a ghéag bhuadhach, ghrástamhail gan táir gan tarcuisne, a chroidhe na huaisle, a chnú mholta na saoithe. Dar go deimhin is gnúis deaghmhná atá agat. Tá gean agat ar Dhia agus tá gean ró-mhór ag Dia ort. Tá mé féin ag iarraidh cuid na huaire nár tháinig fós, dá impidhe ar Dhia agus ar Mhuire, ar Mhícheál Ardaingeal agus ar Eoin Baiste, ar naomh-apstal ar agallamh an Tighearna bheith ina gcliath chosanta, ina sgiath lúirigh, ina gcomhlainn díona, ina ngarda congabhála, ina n-abhcóidí ollbhuadhacha iongantacha ar do shon in am glanta na spotaí is léir-chneasú lot is créachta taithneamhacha i láthair an Tighearna, a Shiúr na Saoithe; dá iarraidh ar Dhia mar an gcéadna do chumhdach agus do tharrtháil ar thubaiste, ar anachain, ar anfadh, ar an-chrádh, ar aicídí agus ar ghalraibh gríobhtha gonta géar nimhneacha grod-gháibheacha na haimsire atá le teacht.

"Ná tuig a bhean mhaith gur sliocht boidicín bodacháin ná smut ar ghlúin ná tórachán cúinne ná fámaire, ná blaosgaire ná stutaire ná glugaire atá ionnam-sa. Ní headh go deimhin, ach duine bocht mise de shliocht deagh-aithreacha agus deagh-mháithreacha go deimhin, as cró is ceathramha buaire is botháinte is groidheachta is mall-thréad muc agus caorach is iomad óir agus airgid is iolmhaoin, bíodh is go bhfuil mé in anacra bocht mar is léir dhuit a Shiúr na Saoithe.

"Ná tuig fós gur martra béige ná preab cuisleann ná léim rúitín ná sálbhrú atá orm. Ní headh go deimhin ach duine bocht mise ina bhfuil ocht gcnámha déag is fiche de chnámha mo choirp adhnaicthe sa teampall le seacht mbliana is mé féin marbh-ghlic ó bheith ag siubhal ag taisteal na gcríoch ag saothrú beatha, ag caothabháil an iar-iarmhar mar seo in anacra boicht mar is léir duit a Shiúr na Saoithe.

"Tá na hocht mála déag seo atá ina muirear griod-gháibhtheach orm-sa a' tnúth lena dtachtadh le do charthannacht, a bhean mhaith, mar atá, an pucaide, an pacaide, an

ruchtaire, an reachtaire, mála an taoibh, mála an tómhail, mála mór an tslinneáin, mála beag, mála fada, béal binn an ghliogaire, slaisaoir, sliosmhála.

“Eirigh, dá bhrígh sin, a ghlac-thobar na carrthannachta agus tabhair dom mioscán ime, nó lomradh olna, nó creathair cruithneachta, nó blas caoirfheola, nó brollach mairtfheola nó sgilling airgid. Tabhair dom mar a gcéadna mór-mhórnán taidhbhseach de bhán-lacht dom. Seachain mé ar dhríodar an chíléir chrosaigh, ná ar iarmhar an mhaide measgaidhthe, ná ar mheasgaibh grímh-chiumhais an stopaidhe do thig go mall ar thaobh na dubhchana, ach tabhair dom roinnt de bharraí buidhe na hoidhche agus do bhéarfad turas speisialta ar do shon i Sgeilg Mhichíl i gCathair an Dúna, i gCill Mhac Dubhach agus Sliabh Buirinne in Inis Cealltrach le súil mo ghuidhe a dhul chun tairbhe dhuit.”

“Dar m’fhocal ní bacach ceart é seo” adeir bean na gcuart, “nó má seadh, tá paidreacha aige agus fuair sé oideachas seachas aon bhacach dár casadh orm-sa fós.”

Dheamhan blas a thug an dreithiúr dó ina dhiaidh sin agus ní raibh fhios aice nach bacach a bhí ann.